# Déan Iomláin le Dúradáin

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas- cuntas<br>Láimhseáil Sonraí - sonraí a léiriú agus a léirmhíniú<br>*Naisc Thraschuraclaim: Teanga agus Litearthacht* |
| **Scileanna Forbartha** | • Straitéisí cuntais a úsáid agus gníomhaíochtaí ar siúl<br>• Patrúin a lorg agus labhairt orthu<br>• An fhaisnéis atá de dhíth a bhailiú agus labhairt uirthi |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | uimhreacha go dtí a sé (agus a dó dhéag), iomlán, dúradán, cuntas, sórtáil, spota/spotaí, tacar |
| **Áiseanna** | dúradáin nó dúradáin ar an scáileán ó Uirlis Sórtála Mol Mata |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Ba cheart go mbeadh réamhthaithí ag daltaí súgradh le dúradáin.

### 1 Gníomhaíocht 1

Iarr ar dhaltaí líon spotaí ar na dúradáin a chuntas agus na hiomláin dhifriúla a shainaithint. Mar shampla, dúradáin a bhfuil 3 spota orthu. Spreag na daltaí leis an iomlán a oibriú amach gan cuntas i.e. Sracfhéachaint/tobmheas.

### 2 Gníomhaíocht 2

Roghnaigh uimhir agus iarr ar na daltaí dúradán a shainaithint leis an iomlán seo spotaí. Ansin, iarr ar na daltaí na teaglamaí difriúla spotaí eile a aimsiú. Mar shampla, d’fhéadfadh cúig spota a dhéanamh le trí spota ar thaobh amháin agus dhá cheann ar an taobh eile.

### 3 Gníomhaíocht 3

Iarr ar na daltaí na dúradáin a shórtáil in dhá ghrúpa, cibé dóigh ar mian leo. Mar shampla, dúradáin a bhfuil trí spota orthu agus iad siúd nach bhfuil, dúradáin atá níos mó/níos lú ná x, dúradáin a bhfuil dúbailt acu.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá mhéad spota atá ar an dúradán seo?<br>• Cá mhéad dúradán a bhfuil níos lú na x spota orthu?<br>• Cé acu de na dúradáin a bhfuil an líon céanna spotaí orthu?<br>• An féidir leat teacht ar an iomlán gan na spotaí a chuntas? | • Cén patrún atá le feiceáil maidir le líon na spotaí ar na dúradáin?<br>• Cén fáth ar shórtáil tú na dúradáin ar an dóigh seo?<br>• An féidir leat na dúradáin a shórtáil ar dhóigh ar bith eile? |

## Difreáil

Is féidir líon dúradán agus spotaí ar na dúradáin a shocrú de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.